

COMHAIRLE  
PREASA  
NA hÉIREANN



OIFIG AN  
OMBUDSMAN  
PREASA

# Cairt nua don phreas agus do mhuintir na hÉireann

# Córas nua de rialachán preasa in Éirinn

Le bunú Chomhairle Preasa na hÉireann agus Oifig an Ombudsman Preasa an 1 Eanáir, 2008, tá teacht ag gach duine in Éirinn ar mhodh neamhspleách le haghaidh gearáin phreasa atá sciobtha cothrom agus saor in aisce. Is é seo ceann de na forbairtí is dearfaí i stair nuachtáin agus thréimhseacháin na hÉireann.

Tá an modh nua gearáin ceaptha sa chaoi is go gcinnteofar nach ndéanfar saoirse an phreasa a mhí-úsáid, agus go bhfreastalófar i gcónaí ar an bpobal. Is iad seo príomhphrionsabail rialacháin neamhspleách an phreasa ar fud an domhain.

Ceapann an Chomhairle Preasa an tOmbudsman Preasa. Seo a leanas spriocanna na Comhairle Preasa agus an Ombudsman Preasa:

- Fóram neamhspleách a sholáthar don phobal chun gearáin faoin bpreas a réiteach
- Gach gearán a réiteach go tapa, go cothrom agus saor in aisce
- Na caighdeáin is airde iriseoireachta agus eitice iriseoireachta na hÉireann a chothabháil
- Saoirse an phreasa a chosaint chomh maith le saoirse an phobail a bheith curtha ar an eolas.

## Cad is rialachán preasa ann?

Is bealach é rialachán preasa chun a chinntiú go gcloíonn nuachtáin agus thréimhseacháin le sraith de

chomhaontuithe de chaighdeáin agus de chleachtais eiticiúla. I measc na gcaighdeán agus na gcleachtais tá rudai amhail cruinneas, cothroime, príobháideacht agus prionsabail iriseoireachta eile. Tá soláthar déanta díobh seo go léir i gCód Cleachtais atá ar fáil ó Oifig an Ombudsman Preasa.

## Cén fáth a bhfuil sé neamhspleách?

Is é rialachán neamhspleách preasa an chaoi is oibiachtúla, inchreidte agus trédhearcaí leis an bpreas a rialú. Tá an Chomhairle Preasa agus an tOmbudsman Preasa neamhspleách ar an Rialtas agus, i bhfeidhmiú, neamhspleách ó na meáin chumarsáide.

Feidhmíonn rialachán neamhspleách preasa níos fearr siocair go bhfeidhmíonn sé le comhoibriú eagarthóirí agus iriseoirí nuachtáin agus thréimhseacháin. Tríd an gCód Cleachtais a shíniú, tá eagarthóirí agus iriseoirí ag gealladh go gcloifidh siad leis na prionsabail iriseoireachta sin.

## Cad is Oifig an Ombudsman Preasa ann?

Is páirt de chóras nua rialacháin neamhspleách do na meáin chlóite é Oifig an Ombudsman Preasa. Is é an tOllamh John Horgan an tOmbudsman Preasa, agus is eisean aghaidh phoiblí rialachán preasa na hÉireann.

Déantar gearáin faoi shárúithe ar an gCód Cleachtais leis an Ombudsman Preasa. Déanfaidh Oifig an Ombudsman, sa chéad ásc, iarracht an cheist a réiteach ach teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an

bhfoilseachán atá i gceist. Tabharfaidh sé cuntas ar an ngearán don fhoilseachán agus féachfaidh sé leis an gceist a shocrú trí idir-réiteach idir an gearánaí agus an foilseachán.

Mura bhfuil idir-réiteach indéanta, imscrúdóidh an tOmbudsman an cás agus déanfaidh sé cinneadh. Is féidir leis cásanna suntasacha nó coimpléascacha a chur ar aghaidh chuig an Chomhairle Preasa.

Tá bileog eolais ar “Conas Gearán a Dhéanamh” ar fáil ó Oifig an Ombudsman Preasa. Is féidir gearáin a dhéanamh ar líne chomh maith ag [www.pressombudsman.ie](http://www.pressombudsman.ie)

## **Cad is Comhairle Preasa na hÉireann ann?**

Is é Comhairle Preasa na hÉireann an foras a cheapann an tOmbudsman Preasa. Déanann sí cinntí i gcásanna suntasacha nó coimpléascacha a d’atreoraigh an tOmbudsman Preasa chuici. Déanann sí cinntí faoi achomhairc ar chinntí an Ombudsman Preasa chomh maith.

Tá 13 bhall ar an gComhairle Preasa. Toghtar seachtar díobh i measc daoine atá cáilithe go hoiriúnach agus tá ionadaíocht ann ó raon leathan d’earnálacha sa tír. Soláthraíonn an seisear ball eile den Chomhairle Preasa saineolas sinsearach eagarthóireachta agus iriseoireachta ionadaíocht do thionscal an phreasa.

Is é Thomas Mitchell, iar-Phropast Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Cathaoirleach neamhspleách na Chomhairle Preasa.

Cheap Coiste Ceapacháin ardlleibhéil

neamhspleách an seisear ball a roghnaíodh chun ionadaíocht a dhéanamh ar réimsí éagsúla de shochaí na hÉireann. Is iad sin an tUasal Seamus Boland, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Nasc Tuaithe na hÉireann; Mary Kotsonouris Uasal, dlíodóir agus iar-Bhreitheamh Cúirte Dúiche; an tUasal John M. Horgan, iar-Chathaoirleach na Cúirte Oibreachais; an tOllamh Maeve Mc Donagh, Comhollamh le Dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh; an Dr. Eleanor O’Higgins, Léachtóir Sinsearach i Scoil Dlí an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath; agus an tUasal Peter O’Mahony, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin de Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann.

D’ainmnigh an tionscal preasa an seisear ball eile agus rinne an Coiste Ceapacháin ardlleibhéil iad a dhaingniú. Is iad sin: Rosemary Delaney Uasal, Stiúrthóir Bainistíochta WMB Publishing Ltd., an tUasal Michael Denieffe, Eagarthóir Bainistíochta Independent Newspapers (Ireland) Ltd., an tUasal Martin Fitzpatrick, Cisteoir, Comhairle Feidhmiúcháin, Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí; an tUasal Michael McNiffe, Eagarthóir an *Irish Sun*; an tUasal Eoin McVey, Eagarthóir Bainistíochta The Irish Times; agus an tUasal Frank Mulrennan, Uachtarán, Regional Newspapers and Printers Association of Ireland.

Is iad baill an Choiste Ceapacháin ardlleibhéil ná An tOllamh Thomas Mitchell, iar-Phropast Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath; An Dr Maurice Manning, Uachtarán, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine; An Dr Miriam Hederman O’Brien, iar-Chathaoirleach an Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin agus an tUasal Kevin Murphy, iar-Ombudsman agus Coimisinéir Faisnéise.



### **Comhairle Preasa na hÉireann**

1, 2 & 3 Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: 01 648 9130 Facs: 01 674 0046

Ríomhphost: [info@presscouncil.ie](mailto:info@presscouncil.ie) [www.presscouncil.ie](http://www.presscouncil.ie)

### **Oifig an Ombudsman Preasa**

1, 2 & 3 Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón : Íosghlao 1890 208 080 Facs: 01 674 0046

Ríomhphost: [info@pressombudsman.ie](mailto:info@pressombudsman.ie) [www.pressombudsman.ie](http://www.pressombudsman.ie)